


# Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh

Plean Trí Bliana 2017–2019



Bunaítear le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* na comhordanáidí d'fhorbairt na n-ealaíon idir 2016 agus 2025. Déantar cur síos sa phlean seo ar na straitéisí infheistíochta, na tionscadail agus na cláir a dtabharfaimid tús áite dóibh idir 2017 agus 2019, agus leagtar amach ann na héachtaí agus na garspriocanna atá leagtha amach againn dúinn féin don chéad trí bliana eile.



---

# Plean d'Athrú Suntasach

---

## Na Tosaíochtaí

---

Athrú suntasach atá sa phlean trí bliana seo don Chomhairle Ealaíon. Sa phlean, leagaimid amach samhail infheistíochta straitéisí a fhreagraíonn do nádúr athraitheach an chleachtais ealaíne agus na rannpháirtíochta leis na healaíona in Éirinn. Tugtar breac-chuntas sa phlean ar an gcéim thosaigh, ina ndéanfaimid na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú ar shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon agus samhlacha nua infheistíochta a chur i bhfeidhm don saothar sin
- comhpháirtíochtaí a fhorbairt in earnáil na n-ealaíon agus lasmuigh di araon chun rannpháirtíocht níos mó an phobail a ghiniúint sna healaíona
- éifeachtaí ár n-infheistíochta a thomhas
- forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn chun tacú le hearnáil na n-ealaíon agus chun í a athnuachan

# Plean d'Athrú Suntasach

## Gníomhartha

Déanfaimid ár gcórais agus ár seirbhísí a athstruchtúró chun deiseanna nua a chruthú d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon chun saothar den chéad scoth a chruthú.

Cuirfimid leis na deiseanna do bhreis daoine bheith rannpháirteach sna healaíona, go hairithe i gcás pobal nach mbíonn rochtain éasca ar na healaíona acu.

Déanfaimid athbhreithniú agus cuíchóiriú ar na cláir deontas agus na dámhachtainí atá ann cheana féin.

Cuirfimid tús le cláir deontas agus dámhachtainí nua.

Tacóimid le luach saothair cóir agus cothrom d'ealaíontóirí agus troidfimid ar a shon sin, agus cuirfimid réimse beart i bhfeidhm sna trí bliana amach romhainn chun é sin a sheachadadh.

Déanfaimid tionchar ár n-infheistíochta sna healaíona a thomhas.

Oibreoidimid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe le hacmhainní bunaithe ar fhianaise a chruthú atá níos fearr agus níos éifeachtaí chun sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu.

Úsáidfimid na sonraí sin chun go mbeimid féin agus earnáil na n-ealaíon araon in ann tacú níos fearr le hionad na n-ealaíon i saol na hÉireann.

Forbróimid deiseanna d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon agus do na pobail ina mbíonn siad ag obair trínár rannpháirtíocht leis an rialtas áitiúil a neartú trí chomhaontuithe foirmiúla.

Forbróimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua chun na naisc idir na healaíona agus na pobail tosaíochta a neartú.

Rachaimid i ngleic ar bhonn leanúnach le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, agus le páirtithe leasmhara níos forleithne i ranna rialtais agus sa tsochaí shibhialta.

Táimid muiníneach go gcuirfidh an Plean seo ar ár gcumas leas níos fearr a bhaint as ionad cumhachtach lárnach na n-ealaíon i saol na hÉireann. Tuigimid freisin gur trí bheith ag obair leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn a bhainimid amach na spriocanna uaimhianacha atá leagtha amach dúinn féin agus d'earnáil na n-ealaíon. Tá súil againn go léirítear go soiléir sa Phlean Trí Bliana seo ár dtiomantas agus ár ndiongbháilteacht beart a dhéanamh de réir ár mbriathair d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí agus don phobal.

Tugtar breac-chuntas sa Phlean Trí Bliana seo ar an gcaoi a dtiocfaidh tionscadail agus cláir nua de chuid na Comhairle Ealaíon chun cinn mar thoradh ar an bplean i ngach ceann dár réimsí tosaíochta: an t-ealaíontóir; rannpháirtíocht an phobail; straitéis infheistíochta; pleanáil spásúil agus dhéimeagrafach; agus cumas a fhorbairt.



# An tEalaíontóir

Go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar

## Gníomhartha 2017 – 2019

- Na cineálacha éagsúla tacaíochta a theastaíonn ó ealaíontóirí ag céimeanna éagsúla dá ngairm a shainiú agus iad ag iarraidh gairmeacha táirgiúla agus inmharthana go geilleagrach a chothú.

- Béim a chur ar luach saothair cóir agus cothrom a thabhairt d'ealaíontóirí ag gach céim dá ngairm inár straitéis infheistíochta, inár gclár, inár scéimeanna maoinithe, agus inár gcaidrimh oibre.
- Tiomantas léirithe a dhéanamh chun dálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a chur ar aghaidh, rud a bheidh ina chuid lárnach de na comhaontuithe maoinithe a fhorbróimid le heagraíochtaí.

- An luach a bhaineann le caidrimh agus le cleachtas idirnáisiúnta a aithint agus tacaíocht a thabhairt do na daoine a théann sa tóir ar na deiseanna sin.

## Céard a bheidh bainte amach againn?

- Déanfar an straitéis infheistíochta, clár agus tacaíochtaí d'ealaíontóirí dár gcuid a ailíniú le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.
- Beidh luach ár n-infheistíochta in ealaíontóirí le feiceáil inár n-obair thacaíochta agus phoiblíochta.
- Déanfaimid ár dtacaíochtaí d'ealaíontóirí aonair a athchothromú trí thús áite a thabhairt d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí i lár a ngairme.

- Tabharfar luach saothair níos fearr agus níos córa d'ealaíontóirí
- Déanfar taighde agus anailís ar dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí, agus beidh tionchar acu sin ar ár dtacaíochtaí d'ealaíontóirí aonair.
- Tuairisceoidh ealaíontóirí agus a n-eagraíochtaí ionadaíochta go dearfach ar ár dtionscnaimh agus ar ár ngníomhartha chun luach saothair na n-ealaíontóirí a fheabhsú.

- Beidh ealaíontóirí agus eagraíochtaí tar éis cur leis an ngné idirnáisiúnta dá gcleachtas.

## Glacfaimid na bearta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- **Comhaontuithe infheistíochta foirmiúla** a thabhairt isteach le heagraíochtaí chun luach saothair cóir agus cothrom d’ealaíontóirí a chinntiú. Beidh sé sin ina choinníoll de mhaoiniú ó **2019** ar aghaidh;
- Bearnáí inar n-infheistíocht in ealaíontóirí a shainnithint, agus ár straitéisí agus ár gcritéir infheistíochta a choigeartú, agus aird ar leith a thabhairt ar **ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn** agus **ealaíontóirí i lár a ngairme** ó **2017** ar aghaidh;
- **Cur lenár n-infheistíocht** agus leibhéil dámhachtana i sparánachtaí, meantóireachtaí, agus cónaitheachtaí thar réimse suíomhanna ó **2017** ar aghaidh chun deiseanna breise agus deiseanna níos fearr a chruthú d’ealaíontóirí;
- Scéim sparánachta a fhorbairt d’ealaíontóirí **atá ag teacht chun cinn** ó **2017** ar aghaidh;
- Roinnt cónaitheachtaí a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach in earnálacha **neamh-ealaíne/gnó** ó **2018**;
- Tagarmharcanna idirnáisiúnta agus an uailmhian chun dul i mbun oibre le lucht féachana agus comhpháirtithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm inár gcláir agus inár dtacaíochtaí d’ealaíontóirí ó **2018** ar aghaidh;
- Tús a chur le **ciste** chun tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí dul i mbun oibre **go hidirnáisiúnta** ó **2018** ar aghaidh;
- Leanúint de thacú le saothar uailmhianach, comhoibritheach agus turgnamhach i réimse suíomhanna tríd an **gClár Gairmeacha Oscailte**;
- **Tionchar agus torthaí** ár n-infheistíochta in ealaíontóirí a thomhas agus an fhaisnéis sin a úsáid chun tacú le luach a saothair ó **2018** ar aghaidh.



# Rannpháirtíocht an Phobail

Go mbaine níos mó daoine taitneamh as taithí ealaíon d'ardchaighdeán

## Gníomhartha 2017 – 2019

- Oibriú le heagraíochtaí ealaíon chun an réimse daoine a bhíonn rannpháirteach sna healaíona mar lucht féachana agus mar rannpháirtithe a mhéadú agus a éagsúlú.
- Creat a bhunú chun tacú le taighde, le forbairt acmhainní agus le hoiliúint ghairmiúil i rannpháirtíocht an phobail.

- Tionscnaimh straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn pólótach chun deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht mhéadaithe sna healaíona i measc pobail ar leith.

- Ár dtiomantas do dhaoine óga a ionchorprú i bpríomhshruth ár gcinnteoireachta.
- Oibriú le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear an rialtas áitiúil agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun tacú le heispéiris ealaíne den chéad scoth a chur ar fáil do dhaoine óga.

- Oibriú le réimse páirtithe leasmhara chun cur chuige níos comhtháite a chinntiú maidir le conas a théann daoine i ngleic leis na healaíona.

## Céard a bheidh bainte amach againn?

- Beidh tuiscint níos fearr ag eagraíochtaí ealaíon ar conas lucht féachana a thabhairt leo agus na spriocanna a leagtar amach chun lucht éisteachta/lucht féachana a mhéadú agus a éagsúlú, agus oibreoidh siad chucu sin.
- Beidh sraith tomhas sainmhínithe againn chun monatóireacht a dhéanamh ar aschuir agus ar thoradh ár n-infheistíochta i rannpháirtíocht an phobail.
- Beidh luach ár n-infheistíochta i rannpháirtíocht an phobail le feiceáil inár n-obair thacaíochta agus phoiblíochta.
- Déanfar an straitéis infheistíochta, cláir agus tacaíochtaí do rannpháirtíocht an phobail dár gcuid a ailíniú le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.
- Beidh pobail agus earnálacha nach raibh rannpháirteach leis an gComhairle Ealaíon roimhe seo ag cabhrú chun tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm ar bhonn trialach agus a mheasúnú trína gcuirfear leis an rannpháirtíocht sna healaíona.
- Tabharfar tús áite dár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga ar fud ár réimsí ealaíon.
- I réimsí ar a ndírímid ár n-infheistíocht, ár dtacaíocht agus tionscnaimh ghaolmhara, mothaíonn leanaí agus daoine óga go gcuimsítear iad i saol cultúrtha a bpobail, agus faigheann siad eispéireas dearfach tairbheach ar na healaíona.
- Caidreamh straitéiseach spriocdhírthe a bheidh againn leis an rialtas áitiúil.
- Trí chomhaontuithe foirmiúla le soláthraithe eile cultúir in Éirinn, cinnteofar comhtháiteacht níos mó san obair a dhéanfar i gcomhpháirtíocht.



### Glacfaimid na bearta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Rannpháirtíocht an phobail a chur i bhfeidhm i **gcomhaontuithe infheistíochta** foirmiúla le heagraíochtaí agus le comhpháirtithe. Beidh sé sin ina choinníoll de mhaoiniú ó **2019** ar aghaidh;
- Líon **comhpháirtíochtaí straitéiseacha** a bhunú in **2017** le pobail nach bhfuil rochtain éasca ar na healaíona acu;
- Clár a chur i bhfeidhm chun tacú le hearnáil na n-ealaíon lucht éisteachta/lucht féachana agus líon na rannpháirtithe **a mhéadú agus a éagsúlú** ar fud réimsí ar fad na n-ealaíon in **2017**
- Cur lenár n-infheistíocht agus tús aite a thabhairt do **leanaí agus do dhaoine óga** thar gach foirm ealaíne ó **2017**;
- Clár nua a thabhairt isteach mar chuid den **Chreatlach don Chomhoibriú** le Rialtas Áitiúil in **2018**, chun an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga, an éagsúlacht chultúrtha, agus na healaíona agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn;
- Leanúint de thacú le forfheidhmiú iomlán na **Cairte um na hEalaíona san Oideachas**;
- Ár n-infheistíocht i **bhféilte beaga** a mhéadú ó 2017 ar aghaidh chun tacú le rannpháirtíocht níos mó sna healaíona ar fud na tíre;
- Ó **2019** ar aghaidh, ár n-infheistíocht a mhéadú in eagraíochtaí a fheabhsaíonn rannpháirtíocht an phobail sna healaíona trína gcleachtas ealaíne comhpháirtí;
- **Meabhrán Tuisceana** a chomhaontú le RTÉ agus le hinstiúidí cultúrtha eile trína gcuirfead le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona ó **2017** ar aghaidh;
- Taighde fad-ama a choimisiúnú chun leibhéal rannpháirtíochta sna healaíona a thomhas agus chun tionchar na n-ealaíon ar shaol na ndaoine a mheas in **2019**.



# Straitéis Infheistíochta

Go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun tosaíochtaí na Comhairle Ealaíon a réadú

## Gníomhartha 2017 – 2019

- Straitéis infheistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na tosaíochtaí agus cuspóirí in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chuimsiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir maoinithe, scéimeanna agus tionscnaimh chun na tosaíochtaí in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

- Úsáid comhaontuithe infheistíochta leis na príomheagraíochtaí ealaíon a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach.
- Comhaontuithe foirmiúla le comhpháirtithe straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

- Ár bpróisis inmheánacha a fhorbairt agus oibriú le heagraíochtaí eile chun feabhas a chur ar thomhas thorthaí agus thionchar ár n-infheistíochta.

- Tacú le hobair ealaíontóirí neamhspleácha agus turgnamh a dhreasú.

## Céard a bheidh bainte amach againn?

- Beidh ár bpáirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* á chur i bhfeidhm inár straitéis infheistíochta agus inár gcinntí maoinithe.
- Déanfar na cláir infheistíochta, scéimeanna agus tionscnaimh nua dár gcuid a ailíniú le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.

- Beidh tuiscint níos fearr ag an gComhairle Ealaíon, eagraíochtaí ealaíon agus comhpháirtithe ar conas is féidir caidrimh a neartú agus cuspóirí roinnte a sheachadadh trí chomhaontuithe foirmiúla.
- Cuirfear comhaontuithe foirmiúla i bhfeidhm le príomh-chomhpháirtithe, lena n-áirítear údaráis áitiúla.

- Cuirfear próisis nua chun feidhme chun feabhas a chur ar ár monatóireacht ar thorthaí agus ar thionchar ár n-infheistíochta.
- Beidh an t-eolas, an acmhainn agus an muinín ag an gComhairle Ealaíon chun torthaí agus tionchair a hinfeistíochta thar réimse critéar a fheidhmiú.
- Beidh luach ár n-infheistíochtaí le feiceáil inár n-obair thacaíochta agus phoiblíochta.

- Déanfar infheistíocht chomhréireach in obair ealaíontóirí agus grúpaí neamhspleácha agus nua.

## Glacfaimid na bearta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- **Comhaontuithe foirmiúla** a thabhairt isteach le comhpháirtithe reatha agus nua a chabhróidh lenár bhfreagrachtaí comhroinnte a shoiléiriú mar aon le réimsí don chomhoibriú a shainithint ó **2018** ar aghaidh;
- **Athbhreithniú agus cuíchóiriú** a dhéanamh ar an méid clár maoinithe reatha de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Déanfar na tacaíochtaí atá ar fáil d’ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a athchóiriú chun éifeachta leis an obair sin, a gcuirfear tús leis in **2017**;
- Ár **n-infheistíocht** i dtacaíocht neamh-athfhillteach d’ealaíontóirí a mhéadú ó **2017** ar aghaidh;
- **Comhaontuithe maoinithe a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach** le heagraíochtaí ealaíon chun tacú le seachadadh chuspóirí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon faoin dá cheannteideal ‘An tEalaíontóir’ agus ‘Rannpháirtíocht an Phobail’ in **2018**;
- **Creat tomhais** nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach in **2018** i gcomhpháirt le healaíontóirí agus le heagraíochtaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thorthaí ár n-infheistíochta agus tuairiscíú go soiléir orthu. Cuirfidh an doiciméad ‘Cúig Bhreithniú’ ón togra Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, agus *Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais na Comhairle Ealaíon, a d’fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta* in 2015, bonn eolais faoin gcreat tomhais;
- **Maoiniú ilbhliantúil** a thabhairt isteach ar bhonn píolótach d’eagraíochtaí agus d’ealaíontóirí aonair ó **2018** ar aghaidh a bhaineann leis an gcreat tomhais.



# Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

Go dté soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann

## Gníomhartha 2017 – 2019

- Ár n-acmhainneacht a fhorbairt chun faisnéis spásúil agus dhéimeagrafach a rochtain, a anailísiú agus a úsáid le dáileadh níos straitéisí tacaíochta agus acmhainní a chinntiú.
- Gnéithe spásúla agus déimeagrafacha a chomhtháthú inár straitéis infheistíochta.

- *Creatlach don Chomhoibriú – Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach* a úsáid mar bhonn dár gcaidreamh leanúnach le húdaráis áitiúla.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár maoiniú d'ionaid agus cur chuige nua infheistíochta a thabhairt isteach.

## Céard a bheidh bainte amach againn?

- Úsáidfear fianaise iontaofa agus tuiscint iontaofa ar dhaoine agus ar áiteanna mar bhonn faisnéise dár gcomhairle, dár dtacaíocht agus dár gcinntí infheistíochta.
- Féachfaidh comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chuig an gComhairle Ealaíon mar acmhainn saineolais spásúil agus dhéimeagrafaigh.

- Déanfar ár gcaidreamh le húdaráis áitiúla a chur i bhfeidhm inár gcórais agus inár struchtúir agus léireofar é inár gcomhairle, inár bpleanáil agus inár gcinnteoireacht ar fud na heagraíochta.
- Neartófar ár gcaidreamh le hÚdaráis Áitiúla ar leith trí. chomhaontuithe agus trí chlár chomhpháirtíochta.

- Seachadfar straitéis shoiléir maidir le tacaíocht roghnaitheach agus inbhuanaithe d'ionaid.

### Glacfaimid na bearta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- **Comhaontuithe foirmiúla** a thabhairt isteach le **hÚdarás Áitiúla** ar leith ó **2017** ar aghaidh chun cabhrú lenár bhfreagrachtaí comhroinnte agus aonair a shoiléiriú i gcomhthéacs pleanáil réigiúnach agus áitiúil agus pheirspictíocht náisiúnta na Comhairle Ealaíon;
- **Athbhreithniú** a dhéanamh ar ár gcaidrimh maoinithe reatha le **hionaid** ó **2017** ar aghaidh i gcomhpháirt leis an rialtas áitiúil;
- Cur chuige infheistíochta nua d'ionaid a thabhairt isteach ó 2018 ar aghaidh ina n-úsáidfear na critéir seo a leanas: anailís spásúil agus dhéimeagrafach, cáilíocht na gclár ealaíne, leibhéal rannpháirtíochta an phobail agus comhpháirtíochtaí, agus inbhuanaitheacht gheilleagrach;
- I gcomhpháirt leis an rialtas áitiúil, Clár Áiteanna Cruthaitheacha nua a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach in 2018 ina mbainfear leas as saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon chun beocht a chur i bpobail áitiúla;
- Cur chuige comhroinnte a fhorbairt chun tionchar na hinfheistíochta poiblí a thomhas ar leibhéal áitiúil i gcomhar le rialtas áitiúil in 2018;
- Ár n-acmhainneacht agus ár saineolas a fhorbairt chun sonraí spásúla agus déimeagrafacha ó fhoinsiú poiblí – go háirithe sonraí ón daonáireamh agus sonraí a bhailítear ónár gcreat tomhais nua – a rochtain, a anailísiú agus a úsáid.



# Cumas a Fhorbairt

**Go raibh an fhaisnéis, na scileanna agus an chruthaitheacht ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun an straitéis seo a réadú**

## Gníomhartha 2017 – 2019

- Na struchtúir agus na córais a chur i bhfeidhm, agus an t-eolas agus an saineolas a fháil, lena chinntiú go bhfuil ar chumas na Comhairle Ealaíon *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a sheachadadh.

## Céard a bheidh bainte amach againn?

- Beidh an Chomhairle Ealaíon níos ullmhaithe agus acmhainní níos fearr aici chun leithead iomlán a sainchúram a sheachadadh mar an ghníomhaireacht náisiúnta forbartha i gcomhair na n-ealaíon, agus beidh an méid sin soiléir iontu seo a leanas:
  - róil agus freagrachtaí an lucht oibre;
  - an t-eolas agus an saineolas a bhfuil rochtain againn orthu;
  - ár bpróisis, nósanna imeachta agus rialachas corparáideach;
  - acmhainneacht ár gcóras TF.

- Straitéis cumarsáide a fhorbairt chun na healaíona, an obair ina ndéanaimid infheistíocht, agus tionchar ár n-infheistíochta a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

- Inseofar scéalta nua inár n-obair phoiblíochta, ar ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta maidir le saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, sármhaitheas an tsaothair sin, agus a ábhartha atá sé do shaol na ndaoine.

- Cláir agus comhpháirtíochtaí lena bhforbraítear acmhainneacht in earnáil na n-ealaíon a chur chun cinn chun iad seo a leanas a dhéanamh:

- lucht éisteachta/lucht féachana a mhéadú agus a éagsúlú agus rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a mhéadú;
- tuairisciú ar thorthaí a saothair;
- a mbonn ioncain a leathnú.

- Beidh feidhmeanna forbartha na Comhairle Ealaíon rithábachtach dá sainchúram, agus aithneoidh earnáil na n-ealaíon é sin agus beidh meas ag an earnáil air.

### Glacfaimid na bearta seo a leanas chun na gníomhartha sin a chur i gcrích:

- Ár **saineolas** a fhorbairt i réimsí an taighde, an tomhais, na hanailíse spásúla agus déimeagrafaí, agus an rialachais chorparáidigh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár **struchtúr eagraíochtúil** agus ar ár **n-acmhainn inmheánach** in **2017**;
- **Plean lucht oibre** a fhorbairt ina léireofar fairsinge iomlán ár sainchúraim agus an timpeallacht sheachtrach athraitheach a théann i bhfeidhm ar na healaíona;
- In **2017**, **feachtas poiblíochta** a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an earnáil ar thionchar intreach agus sochaíoch na n-ealaíon i saol na hÉireann;
- Leanúint de chabhrú le heagraíochtaí ealaíon chun a **bhfoinsí ioncaim a leathnú** trí thacú leis an acmhainneacht tiomsaithe airgid agus trína forbairt ó **2017** ar aghaidh;
- Cur leis an infheistíocht inár **gcórais TFC agus bainistíochta faisnéise** agus inár n-acmhainneacht ó **2017** ar aghaidh lena chinntiú gur féidir linn ár n-infheistíochtaí a rianú agus a thuairisciú go héifeachtach agus go comhsheasmhach thar réimse tomhas agus catagóirí chun tacú níos fearr le luach na n-ealaíon agus le saothar ealaíontóirí;
- Tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon **faisnéis níos fearr a bhailiú agus a chomhroinnt** maidir le tionchar agus luach a saothair;
- **Creat tomhais** nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach in **2018** i gcomhpháirt le healaíontóirí agus le heagraíochtaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thorthaí ár n-infheistíochta agus tuairisciú go soiléir orthu;
- Leanúint ar bhonn bliantúil de **phlé díreach** le healaíontóirí, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara níos forleithne i ranna rialtais agus sa tsochaí shibhialta chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcomhthéacs ina mbímid ag obair agus na tionchair sheachtracha a théann i bhfeidhm ar na healaíona.

